2024/2916

26.11.2024

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/2916 ÓN gCOIMISIÚN

an 25 Samhain 2024

lena leagtar síos foirm chaighdeánach le haghaidh na sonraí a áirítear sa tuarascáil maidir le próiseáil sonraí pearsanta a fhoilsíonn soláthraithe seirbhíse agus a dtuairiscíonn siad don údarás maoirseachta inniúil agus don Choimisiún í faoi Rialachán (AE) 2021/1232 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/1232 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Iúil 2021 maidir le maolú sealadach ar fhorálacha áirithe de Threoir 2002/58/CE a mhéid a bhaineann le húsáid teicneolaíochtaí ag soláthraithe seirbhísí cumarsáide idirphearsanta neamhspleách ar uimhir chun sonraí pearsanta agus sonraí eile a phróiseáil chun mí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne a chomhrac ([1]), agus go háirithe Airteagal 3(4) de,

Tar éis dul i gcomhairle leis an gCoiste arna bhunú le hAirteagal 9a(1) de Rialachán (AE) 2021/1232,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An fhaisnéis atá le háireamh sa tuarascáil maidir le próiseáil sonraí pearsanta a fhoilsítear agus a thuairiscítear don údarás maoirseachta inniúil agus don Choimisiún, tagraítear di in Airteagal 3(1), pointe (g), fophointe (vii), de Rialachán (AE) 2021/1232.

(2) Chun feabhas a chur ar thuairisciú agus chun a áirithiú go mbailítear sonraí ar bhealach aonfhoirmeach, ba cheart do sholáthraithe seirbhísí cumarsáide idirphearsanta neamhspleách ar uimhir an fhoirm chaighdeánach a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo a úsáid agus a n-oibleagáidí tuairiscithe de bhun Rialachán (AE) 2021/1232 á gcomhlíonadh acu,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

An fhoirm chaighdeánach le haghaidh na dtuairiscí

Úsáidfidh soláthraithe seirbhísí cumarsáide idirphearsanta neamhspleách ar uimhir an fhoirm chaighdeánach a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo agus tuarascáil maidir le próiseáil sonraí pearsanta faoi Airteagal 3(1), pointe (g), fophointe (vii), de Rialachán (AE) 2021/1232 á foilsiú agus á cur faoi bhráid an údaráis maoirseachta inniúil agus an Choimisiúin acu.

([1]) IO L 274, 30.7.2021, lch. 41, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/1232/oj.

Airteagal 2

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 25 Samhain 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

Catagóir de réir Airteagal 3(1)(g)(vii) de Rialachán (AE) 2021/1232	Fochatagóir	Tuairisc
1) **cineál agus méideanna na sonraí a phróiseáiltear**	An tseirbhís shonrach cumarsáide idirphearsanta neamhspleách ar uimhir lena mbaineann	
	Meiteashonraí a bhaineann leis na húsáideoirí ar pháirtithe sa mhalartú ar líne iad	i.e. aon sonraí a bhaineann leis na húsáideoirí ar pháirtithe sa mhalartú ar líne iad agus lena gcuntais, cé is moite de shonraí inneachair. Is ea/ní hea. Más ea, sonraigh na cineálacha uile sonraí a phróiseáiltear (e.g. ainm úsáideora, uimhir aitheantais úsáideora, seoladh IP, Prótacal idirlín, uimhir líonra phoirt, suíomh, etc.) agus an méid
	Sonraí inneachair an mhalartaithe ar líne	Is ea/ní hea. Más ea, sonraigh thíos
	An líon íomhánna a phróiseáiltear i ndáil le húsáideoirí de chuid an Aontais	
	An líon íomhánna a phróiseáiltear i ndáil le húsáideoirí nach de chuid an Aontais iad	
	An líon físeán a phróiseáiltear i ndáil le húsáideoirí de chuid an Aontais	
	An líon físeán a phróiseáiltear i ndáil le húsáideoirí nach de chuid an Aontais iad	
	An líon comhaid eile a phróiseáiltear i ndáil le húsáideoirí de chuid an Aontais	Más ea, sonraigh cineál na gcomhad atá i gceist (e.g.: PDFanna, doiciméid, GIFanna, comhaid fuaime)
	An líon comhaid eile a phróiseáiltear i ndáil le húsáideoirí nach de chuid an Aontais iad	Más ea, sonraigh cineál na gcomhad atá i gceist (e.g.: PDFanna, doiciméid, GIFanna, comhaid fuaime)
	An líon beart téacs a phróiseáiltear chun sirtheoireacht leanaí a bhrath i ndáil le húsáideoirí de chuid an Aontais	
	An líon beart téacs a phróiseáiltear chun sirtheoireacht leanaí a bhrath i ndáil le húsáideoirí nach de chuid an Aontais iad	
	Faisnéis eile is ábhartha do chineálacha agus méideanna na sonraí a phróiseáiltear	

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/2916/oj

IO L, 26.11.2024

Catagóir de réir Airteagal 3(1)(g)(vii) de Rialachán (AE) 2021/1232	Fochatagóir	Tuairisc
2) **an foras sonrach a bhfuiltear ag brath air le haghaidh na próiseála de bhun Rialachán (AE) 2016/679**		I gcás inarb é Airteagal 6(1)(c) nó (e) RGCS an foras dlíthiúil a mhaítear, sonraigh cén dlí de chuid an Aontais nó cén dlí náisiúnta a bhfuiltear ag brath air de bhun Airteagal 6(3) RGCS.
3) **an foras a bhfuiltear ag brath air chun sonraí pearsanta a aistriú lasmuigh den Aontas de bhun Chaibidil V de Rialachán (AE) 2016/679, i gcás inarb infheidhme**		Sonraigh cén cineál cásanna inar tharla aistriú lasmuigh den Aontas agus cén cuspóir a bhí leo, agus cé na forais dhlíthiúla le haghaidh aistrithe a cuireadh i bhfeidhm faoi Chaibidil V de RGCS.
4) **an líon cásanna mí-úsáide gnéasaí leanaí ar líne a sainaithníodh**		
Ábhar aitheanta mí-úsáide gnéasaí leanaí	An líon tuarascálacha a bhaineann le hábhar aitheanta mí-úsáide gnéasaí leanaí i ndáil le húsáideoirí de chuid an Aontais	Is é atá i gceist le hábhar aitheanta mí-úsáide gnéasaí leanaí ábhar a deimhníodh gur ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí ar líne é
	An líon íomhánna d'ábhar aitheanta mí-úsáide gnéasaí leanaí i ndáil le húsáideoirí de chuid an Aontais	
	An líon físeán d'ábhar aitheanta mí-úsáide gnéasaí leanaí i ndáil le húsáideoirí de chuid an Aontais	
	An líon comhaid eile d'ábhar aitheanta mí-úsáide gnéasaí leanaí i ndáil le húsáideoirí de chuid an Aontais	Más ea, sonraigh cineál na gcomhad atá i gceist
	An líon cuntais úsáideora san Aontas a tuairiscíodh gur sheol siad mír inneachair amháin ar a laghad d'ábhar aitheanta mí-úsáide gnéasaí leanaí	
	An líon cuntais úsáideora san Aontas a tuairiscíodh go bhfuair siad mír inneachair amháin ar a laghad d'ábhar aitheanta mí-úsáide gnéasaí leanaí	
Ábhar nua mí-úsáide gnéasaí leanaí	An líon tuarascálacha a bhaineann le hábhar nua féideartha mí-úsáide gnéasaí leanaí i ndáil le húsáideoirí de chuid an Aontais	Is é atá i gceist le hábhar nua féideartha mí-úsáide gnéasaí leanaí comhaid a tuairiscíodh seachas ábhar aitheanta mí-úsáide gnéasaí leanaí
	An líon íomhánna d'ábhar nua féideartha mí-úsáide gnéasaí leanaí a tuairiscíodh i ndáil le húsáideoirí de chuid an Aontais	
	An líon físeán d'ábhar nua féideartha mí-úsáide gnéasaí leanaí a tuairiscíodh i ndáil le húsáideoirí de chuid an Aontais	
	An líon comhaid eile d'ábhar nua féideartha mí-úsáide gnéasaí leanaí a tuairiscíodh i ndáil le húsáideoirí de chuid an Aontais	Más ea, sonraigh cineál na gcomhad atá i gceist

Catagóir de réir Airteagal 3(1)(g)(vii) de Rialachán (AE) 2021/1232	Fochatagóir	Tuairisc
	An líon cuntais úsáideora san Aontas a tuairiscíodh gur sheol siad mír inneachair amháin ar a laghad d'ábhar nua féideartha mí-úsáide gnéasaí leanaí	
	An líon cuntais úsáideora san Aontas a tuairiscíodh go bhfuair siad mír inneachair amháin ar a laghad d'ábhar nua féideartha mí-úsáide gnéasaí leanaí	
Sirtheoireacht	An líon tuairiscí ar shirtheoireacht fhéideartha leanaí i ndáil le húsáideoirí de chuid an Aontais	
	An líon cuntais úsáideora san Aontas a tuairiscíodh go bhféadfadh sé go ndearna siad sirtheoireacht ar leanbh	
	An líon cuntais úsáideora a tuairiscíodh go bhféadfadh sé go ndearna siad sirtheoireacht ar leanbh san Aontas	
5) **an líon cásanna inar thaisc úsáideoir gearán leis an sásra sásaimh inmheánaigh nó le húdarás breithiúnach agus toradh na ngearán sin**		
Ábhar aitheanta mí-úsáide gnéasaí leanaí	An líon míreanna inneachair a baineadh toisc ábhar aitheanta mí-úsáide gnéasaí leanaí a bheith iontu	Míreanna inneachair
	An líon gearán a taisceadh leis an sásra inmheánach i gcoinne an mhír inneachair a bhaint toisc ábhar aitheanta mí-úsáide gnéasaí leanaí a bheith inti	
	Cúiseanna leis na gearáin a taisceadh leis an sásra inmheánach i gcoinne an mhír inneachair a bhaint toisc ábhar aitheanta mí-úsáide gnéasaí leanaí a bheith inti (roghnach)	
	An líon míreanna inneachair a baineadh toisc ábhar aitheanta mí-úsáide gnéasaí leanaí a bheith iontu a cuireadh ar ais i ndiaidh athbhreithniú a dhéanamh tar éis gearán a taisceadh leis an sásra inmheánach	
	An meán-am is gá chun an cinneadh a dhéanamh maidir le míreanna a baineadh ar dtús toisc ábhar aitheanta mí-úsáide gnéasaí leanaí a bheith iontu a chur ar ais nó a choimeád, tar éis gearán a taisceadh leis an sásra inmheánach (roghnach)	

Catagóir de réir Airteagal 3(1)(g)(vii) de Rialachán (AE) 2021/1232	Fochatagóir	Tuairisc
	An líon gearán a taisceadh leis an údarás breithiúnach i gcoinne an mhír inneachair a bhaint toisc ábhar aitheanta mí-úsáide gnéasaí leanaí a bheith inti	
	Cúiseanna leis na gearáin a taisceadh leis an údarás breithiúnach i gcoinne an mhír inneachair a bhaint toisc ábhar aitheanta mí-úsáide gnéasaí leanaí a bheith inti (roghnach)	
	An líon míreanna inneachair a baineadh toisc ábhar aitheanta mí-úsáide gnéasaí leanaí a bheith iontu a cuireadh ar ais i ndiaidh athbhreithniú a dhéanamh tar éis gearán a taisceadh laistigh den údarás breithiúnach	
	An meán-am is gá chun an cinneadh breithiúnach a chomhlíonadh maidir le míreanna a baineadh ar dtús toisc ábhar aitheanta mí-úsáide gnéasaí leanaí a bheith iontu a thabhairt ar ais nó a choimeád, tar éis gearán a taisceadh leis an údarás breithiúnach (roghnach)	
	An líon cuntais úsáideora san Aontas a cuireadh ar fionraí toisc ábhar aitheanta mí-úsáide gnéasaí leanaí a bheith roinnte acu	Cuntais úsáideora san Aontas
	An líon gearán a taisceadh leis an sásra inmheánach i gcoinne an cuntas úsáideora a chur ar fionraí toisc ábhar aitheanta mí-úsáide gnéasaí leanaí a bheith roinnte aige	
	Cúiseanna leis na gearáin a taisceadh leis an sásra inmheánach i gcoinne an cuntas úsáideora a chur ar fionraí toisc ábhar aitheanta mí-úsáide gnéasaí leanaí a bheith roinnte aige (roghnach)	
	An líon cuntais úsáideora san Aontas a cuireadh ar fionraí toisc ábhar aitheanta mí-úsáide gnéasaí leanaí a bheith roinnte acu a cuireadh ar ais i ndiaidh athbhreithniú a dhéanamh tar éis gearán a taisceadh leis an sásra inmheánach	
	An meán-am is gá chun an cinneadh a dhéanamh maidir le cuntais úsáideora san Aontas a cuireadh ar fionraí ar dtús a toisc ábhar aitheanta mí-úsáide gnéasaí leanaí a bheith roinnte acu a thabhairt ar ais nó a choinneáil ar fionraí, tar éis gearán a taisceadh leis an sásra inmheánach (roghnach)	
	An líon gearán a taisceadh leis an údarás breithiúnach i gcoinne an cuntas úsáideora a chur ar fionraí toisc ábhar aitheanta mí-úsáide gnéasaí leanaí a bheith roinnte aige	

Catagóir de réir Airteagal 3(1)(g)(vii) de Rialachán (AE) 2021/1232	Fochatagóir	Tuairisc
	Cúiseanna leis na gearáin a taisceadh leis an údarás breithiúnach i gcoinne an cuntas úsáideora a chur ar fionraí toisc ábhar aitheanta mí-úsáide gnéasaí leanaí a bheith roinnte aige (roghnach)	
	An líon cuntais úsáideora san Aontas a cuireadh ar fionraí toisc ábhar aitheanta mí-úsáide gnéasaí leanaí a bheith roinnte acu a cuireadh ar ais i ndiaidh athbhreithniú a dhéanamh tar éis gearán a taisceadh leis an údarás breithiúnach	
	An meán-am is gá chun an cinneadh breithiúnach a chomhlíonadh maidir le cuntais úsáideora san Aontas a cuireadh ar fionraí ar dtús toisc ábhar aitheanta mí-úsáide gnéasaí leanaí a bheith roinnte acu a chur ar ais nó a choinneáil ar fionraí, tar éis gearán a taisceadh leis an údarás breithiúnach (roghnach)	
Ábhar nua mí-úsáide gnéasaí leanaí	An líon míreanna inneachair a baineadh toisc ábhar nua féideartha mí-úsáide gnéasaí leanaí a bheith iontu	Míreanna inneachair
	An líon gearán a taisceadh leis an sásra inmheánach i gcoinne an mhír inneachair a bhaint toisc ábhar nua féideartha mí-úsáide gnéasaí leanaí a bheith inti	
	Cúiseanna leis na gearáin a taisceadh leis an sásra inmheánach i gcoinne an mhír inneachair a bhaint toisc ábhar nua féideartha mí-úsáide gnéasaí leanaí a bheith inti (roghnach)	
	An líon míreanna inneachair a baineadh toisc ábhar nua féideartha mí-úsáide gnéasaí leanaí a bheith iontu a cuireadh ar ais i ndiaidh athbhreithniú a dhéanamh tar éis gearán a taisceadh leis an sásra inmheánach	
	An meán-am is gá chun an cinneadh a dhéanamh maidir le míreanna a baineadh ar dtús toisc ábhar nua féideartha mí-úsáide gnéasaí leanaí a bheith iontu a cuireadh ar ais nó a choinneáil ar fionraí, tar éis gearán a taisceadh leis an sásra inmheánach (roghnach)	
	An líon gearán a taisceadh leis an údarás breithiúnach i gcoinne an mhír inneachair a bhaint toisc ábhar nua féideartha mí-úsáide gnéasaí leanaí a bheith inti	
	Cúiseanna leis na gearáin a taisceadh leis an údarás breithiúnach i gcoinne an mhír inneachair a bhaint toisc ábhar nua féideartha mí-úsáide gnéasaí leanaí a bheith inti (roghnach)	

Catagóir de réir Airteagal 3(1)(g)(vii) de Rialachán (AE) 2021/1232	Fochatagóir	Tuairisc
	An líon míreanna inneachair a baineadh toisc ábhar nua féideartha mí-úsáide gnéasaí leanaí a bheith iontu a cuireadh ar ais i ndiaidh athbhreithniú a dhéanamh tar éis gearán a taisceadh leis an údarás breithiúnach	
	An meán-am is gá chun an cinneadh breithiúnach a chomhlíonadh maidir le míreanna a baineadh ar dtús toisc ábhar nua féideartha mí-úsáide gnéasaí leanaí a bheith iontu a chur ar ais nó a choinneáil ar fionraí, tar éis gearán a taisceadh leis an údarás breithiúnach (roghnach)	
	An líon cuntais úsáideora san Aontas a cuireadh ar fionraí toisc ábhar nua féideartha mí-úsáide gnéasaí leanaí a bheith roinnte acu	Cuntais úsáideora san Aontas
	An líon gearán a taisceadh leis an sásra inmheánach i gcoinne an cuntas úsáideora a chur ar fionraí toisc ábhar nua féideartha mí-úsáide gnéasaí leanaí a bheith roinnte aige	
	Cúiseanna leis na gearáin a taisceadh leis an sásra inmheánach i gcoinne an cuntas úsáideora a chur ar fionraí toisc ábhar nua féideartha mí-úsáide gnéasaí leanaí a bheith roinnte aige (roghnach)	
	An líon cuntais úsáideora san Aontas a cuireadh ar fionraí toisc ábhar nua féideartha mí-úsáide gnéasaí leanaí a bheith roinnte acu a cuireadh ar ais i ndiaidh athbhreithniú a dhéanamh tar éis gearán a taisceadh laistigh den sásra inmheánach	
	An meán-am is gá chun an cinneadh a dhéanamh maidir le cuntais úsáideora san Aontas a cuireadh ar fionraí ar dtús toisc ábhar nua féideartha mí-úsáide gnéasaí leanaí a bheith roinnte acu a chur ar ais nó a choinneáil ar fionraí, tar éis gearán a taisceadh leis an sásra inmheánach (roghnach)	
	An líon gearán a taisceadh leis an údarás breithiúnach i gcoinne an cuntas úsáideora a chur ar fionraí toisc ábhar nua féideartha mí-úsáide gnéasaí leanaí a bheith roinnte aige	
	Cúiseanna leis na gearáin a taisceadh leis an údarás breithiúnach i gcoinne an cuntas úsáideora a chur ar fionraí toisc ábhar nua féideartha mí-úsáide gnéasaí leanaí a bheith roinnte aige (roghnach)	

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/2916/oj

Catagóir de réir Airteagal 3(1)(g)(vii) de Rialachán (AE) 2021/1232	Fochatagóir	Tuairisc
	An líon cuntais úsáideora san Aontas a cuireadh ar fionraí toisc ábhar nua féideartha mí-úsáide gnéasaí leanaí a bheith roinnte acu a cuireadh ar ais i ndiaidh athbhreithniú a dhéanamh tar éis gearán a taisceadh laistigh den údarás breithiúnach	
	An meán-am is gá chun an cinneadh breithiúnach a chomhlíonadh maidir le cuntais úsáideora san Aontas a cuireadh ar fionraí ar dtús toisc ábhar nua féideartha mí-úsáide gnéasaí leanaí a bheith roinnte acu a chur ar ais nó a choinneáil ar fionraí, tar éis gearán a taisceadh leis an údarás breithiúnach (roghnach)	
Sirtheoireacht	An líon cuntais úsáideora san Aontas a cuireadh ar fionraí toisc sirtheoireacht a bheith déanta leo ar leanbh	Cuntais úsáideora san Aontas
	An líon gearán a taisceadh leis an sásra inmheánach i gcoinne an cuntas úsáideora a chur ar fionraí toisc sirtheoireacht a bheith déanta leis ar leanbh	
	Cúiseanna leis na gearáin a taisceadh leis an sásra inmheánach i gcoinne an cuntas úsáideora a chur ar fionraí toisc sirtheoireacht a bheith déanta leis ar leanbh (roghnach)	
	An líon cuntais úsáideora san Aontas a cuireadh ar fionraí toisc sirtheoireacht a bheith déanta leo ar leanbh a cuireadh ar ais i ndiaidh athbhreithniú a dhéanamh tar éis gearán a taisceadh leis an sásra inmheánach	
	An meán-am is gá chun an cinneadh a dhéanamh maidir le cuntas úsáideora san Aontas a cuireadh ar fionraí ar dtús toisc sirtheoireacht a bheith déanta leis ar leanbh a chur ar ais nó a choinneáil ar fionraí, tar éis gearán a taisceadh leis an sásra inmheánach (roghnach)	
	An líon gearán a taisceadh leis an údarás breithiúnach i gcoinne an cuntas úsáideora a chur ar fionraí toisc sirtheoireacht a bheith déanta leis ar leanbh	
	Cúiseanna leis na gearáin a taisceadh leis an údarás breithiúnach i gcoinne an cuntas úsáideora a chur ar fionraí toisc sirtheoireacht a bheith déanta leis ar leanbh (roghnach)	

Catagóir de réir Airteagal 3(1)(g)(vii) de Rialachán (AE) 2021/1232	Fochatagóir	Tuairisc
	An líon cuntais úsáideora san Aontas a cuireadh ar fionraí toisc sirtheoireacht a bheith déanta leo ar leanbh a cuireadh ar ais i ndiaidh athbhreithniú a dhéanamh tar éis gearán a taisceadh leis an údarás breithiúnach	
	An meán-am is gá chun an cinneadh breithiúnach a chomhlíonadh maidir leis an gcuntas úsáideora san Aontas a cuireadh ar fionraí ar dtús toisc sirtheoireacht a bheith déanta leis ar leanbh a chur ar ais nó a choinneáil ar fionraí, tar éis gearán a taisceadh leis an údarás breithiúnach (roghnach)	
6) **an líon agus cóimheas earráidí (bréagdheimhneacha) sna teicneolaíochtaí éagsúla a úsáidtear**		Ráta earráide: an líon píosaí inneachair a bhfuil foláireamh uathoibríoch ag gabháil leo go bhféadfadh sé gur mí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne atá i gceist leo nach mí-úsáid ghnéasach leanaí atá i gceist leo tar éis athbhreithniú daonna a dhéanamh, é sin roinnte ar an líon píosaí inneachair a bhfuil foláireamh uathoibríoch ag gabháil leo go bhféadfadh sé gur mí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne atá i gceist leo Sonraigh i gcás gach ceann de na teicneolaíochtaí éagsúla a úsáidtear.
Ábhar aitheanta mí-úsáide gnéasaí leanaí	A1: An líon míreanna inneachair a bhfuil foláireamh uathoibríoch ag gabháil leo toisc ábhar aitheanta mí-úsáide gnéasaí leanaí a bheith iontu	
	B1: An líon míreanna inneachair a bhfuil foláireamh uathoibríoch ag gabháil leo toisc ábhar aitheanta mí-úsáide gnéasaí leanaí a bheith iontu nach ábhar aitheanta mí-úsáide gnéasaí leanaí atá i gceist leo tar éis athbhreithniú daonna	
	Ráta earráide: B1/A1 (%)	
	C1: An líon míreanna inneachair a bhfuil foláireamh uathoibríoch ag gabháil leo toisc ábhar aitheanta mí-úsáide gnéasaí leanaí a bheith iontu atá faoi réir athbhreithniú daonna	
	Torthaí ábhartha eile	
Ábhar nua mí-úsáide gnéasaí leanaí	A2: An líon míreanna inneachair a bhfuil foláireamh uathoibríoch ag gabháil leo toisc ábhar nua mí-úsáide gnéasaí leanaí a bheith iontu	
	B2: An líon míreanna inneachair a bhfuil foláireamh uathoibríoch ag gabháil leo toisc ábhar nua mí-úsáide gnéasaí leanaí a bheith iontu nach ábhar mí-úsáide gnéasaí leanaí atá i gceist leo tar éis athbhreithniú daonna	
	Ráta earráide: B2/A2 (%)	

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/2916/oj

Catagóir de réir Airteagal 3(1)(g)(vii) de Rialachán (AE) 2021/1232	Fochatagóir	Tuairisc
	C2: An líon míreanna inneachair a bhfuil foláireamh uathoibríoch ag gabháil leo toisc ábhar nua mí-úsáide gnéasaí leanaí a bheith iontu atá faoi réir athbhreithniú daonna	
	Torthaí ábhartha eile	
Sirtheoireacht	A3: An líon cuntais úsáideora san Aontas a bhfuil foláireamh uathoibríoch ag gabháil leo toisc sirtheoireacht a bheith déanta leo ar leanbh nó toisc gur cuntas a bhaineann le leanbh a ndearnadh sirtheoireacht air atá i gceist	
	B3: An líon cuntais úsáideora san Aontas a bhfuil foláireamh uathoibríoch ag gabháil leo toisc sirtheoireacht a bheith déanta leo ar leanbh nó toisc gur cuntas a bhaineann le leanbh a ndearnadh sirtheoireacht air atá i gceist nach raibh baint acu le sirtheoireacht tar éis athbhreithniú daonna	
	Ráta earráide: B3/A3 (%)	
	C3: An líon cuntais úsáideora san Aontas a bhfuil foláireamh uathoibríoch ag gabháil leo toisc sirtheoireacht a bheith déanta leo ar leanbh nó toisc gur cuntas a bhaineann le leanbh a ndearnadh sirtheoireacht air atá i gceist atá faoi réir athbhreithniú daonna	
	Torthaí ábhartha eile	
7) **na bearta a chuirtear i bhfeidhm chun an ráta earráide a theorannú agus an ráta earráide a bhaintear amach leo**		
Ábhar aitheanta mí-úsáide gnéasaí leanaí	Bearta chun cáilíocht haiseanna atá ann cheana a sheiceáil (sonraigh)	Táscairí (e.g. haiseanna)
	Bearta chun haiseanna a ghrinnfhiosrú sula gcuirtear leis an mbunachar sonraí iad (sonraigh)	
	Bearta eile chun an ráta earráide a theorannú trí ghníomhaíochtaí ar na haiseanna (sonraigh)	
	Plean cur chun feidhme a ndearna tríú páirtí neamhspleách a ghrinnfhiosrú	An teicneolaíocht bhraite a chur chun feidhme
	Bearta eile chun na rátaí earráide a theorannú trí ghníomhaíochtaí maidir le húsáid na teicneolaíochta braite (sonraigh)	
	Athbhreithniú córasach daonna ar gach mír inneachair a bhfuil foláireamh ag gabháil leis toisc gur ábhar mí-úsáide leanaí atá i gceist leis roimh an tuairisciú	Athbhreithniú daonna
	Athbhreithniú daonna ar mhíreanna inneachair samplacha a bhfuil foláireamh ag gabháil leo toisc gur ábhar mí-úsáide leanaí atá i gceist leo roimh an tuairisciú	

Catagóir de réir Airteagal 3(1)(g)(vii) de Rialachán (AE) 2021/1232	Fochatagóir	Tuairisc
	Beartais oiliúna athbhreithneoirí daonna (sonraigh, e.g. cineál agus fad na hoiliúna roimh thús na hoibre, tréimhsiúlacht agus cineál na hoiliúna uas-scilithe, etc)	
	Bearta chun a áirithiú go ndéanfar measúnuithe tréimhsiúla rialaithe cáilíochta ar athbhreithneoirí daonna agus ar na fíoraisc a chuirtear i bhfeidhm (sonraigh)	
	Bearta chun aiseolas a áirithiú ón Lárionad Náisiúnta um Leanaí ar Iarraidh agus Leanaí ar Thángthas i dTír Orthu agus/nó ó eagraíochtaí eile a ghníomhaíonn ar mhaithe le leas an phobail i gcoinne mí-úsáid ghnéasach leanaí (sonraigh)	Bearta eile
	Bearta chun aiseolas ó lucht forfheidhmithe an dlí a áirithiú (sonraigh)	
	Bearta chun aiseolas ó thoradh ar ghearán a áirithiú i gcomhthéacs an tsásra sásaimh inmheánaigh nó gearán a taisceadh le húdarás breithiúnach (sonraigh)	
	Bearta eile chun an ráta earráide a theorannú (sonraigh)	
	Ráta earráide a baineadh amach tar éis chur chun feidhme na mbeart chun an ráta earráide a theorannú (más infheidhme, i.e. má tugadh isteach bearta nua)	An ráta earráide a baineadh amach
Ábhar nua mí-úsáide gnéasaí leanaí	Bearta chun cáilíocht aicmitheoirí IS atá ann cheana a sheiceáil (sonraigh)	Táscairí (e.g. aicmitheoirí IS)
	Bearta chun aicmitheoirí IS a ghrinnfhiosrú sula gcuirtear leis an mbunachar sonraí iad (sonraigh)	
	Bearta eile chun an ráta earráide a theorannú trí ghníomhaíochtaí maidir leis na haicmitheoirí IS (sonraigh)	
	Plean cur chun feidhme a ghrinnfhiosraigh tríú páirtí	An teicneolaíocht bhraite a chur chun feidhme
	Bearta eile chun na rátaí earráide a theorannú trí ghníomhaíochtaí maidir le húsáid na teicneolaíochta braite (sonraigh)	
	Athbhreithniú córasach daonna ar gach mír inneachair a bhfuil foláireamh ag gabháil leis toisc gur ábhar nua féideartha mí-úsáide leanaí atá i gceist leis roimh an tuairisciú	Athbhreithniú daonna
	Athbhreithniú daonna ar mhíreanna inneachair samplacha a bhfuil foláireamh ag gabháil leo toisc gur ábhar nua féideartha mí-úsáide leanaí atá i gceist leo roimh an tuairisciú	

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/2916/oj

Catagóir de réir Airteagal 3(1)(g)(vii) de Rialachán (AE) 2021/1232	Fochatagóir	Tuairisc
	Beartais oiliúna athbhreithneoirí daonna (sonraigh, e.g. cineál agus fad na hoiliúna roimh thús na hoibre, tréimhsiúlacht agus cineál na hoiliúna uas-scilithe, etc)	
	Bearta chun a áirithiú go ndéanfar measúnuithe tréimhsiúla rialaithe cáilíochta ar athbhreithneoirí daonna agus ar na fíoraisc a chuirtear i bhfeidhm (sonraigh)	
	Bearta chun aiseolas a áirithiú ón Lárionad Náisiúnta um Leanaí ar Iarraidh agus Leanaí ar Thángthas i dTír Orthu agus/nó ó eagraíochtaí eile a ghníomhaíonn ar mhaithe le leas an phobail i gcoinne mí-úsáid ghnéasach leanaí (sonraigh)	Bearta eile
	Bearta chun aiseolas ó lucht forfheidhmithe an dlí a áirithiú (sonraigh)	
	Bearta chun aiseolas ó thoradh ar ghearán a áirithiú i gcomhthéacs an tsásra sásaimh inmheánaigh nó gearán a taisceadh le húdarás breithiúnach (sonraigh)	
	Bearta eile chun an ráta earráide a theorannú (sonraigh)	
	Ráta earráide a baineadh amach tar éis chur chun feidhme na mbeart chun an ráta earráide a theorannú (más infheidhme, i.e. má tugadh isteach bearta nua)	An ráta earráide a baineadh amach
Sirtheoireacht	Bearta chun cáilíocht aicmitheoirí IS atá ann cheana a sheiceáil (sonraigh)	Táscairí (e.g. aicmitheoirí IS)
	Bearta chun aicmitheoirí IS a ghrinnfhiosrú sula gcuirtear leis an mbunachar sonraí iad (sonraigh)	
	Bearta eile chun an ráta earráide a theorannú trí ghníomhaíochtaí maidir leis na haicmitheoirí IS (sonraigh)	
	Plean cur chun feidhme a ghrinnfhiosraigh tríú páirtí	An teicneolaíocht bhraite a chur chun feidhme
	Bearta eile chun na rátaí earráide a theorannú trí ghníomhaíochtaí maidir le húsáid na teicneolaíochta braite (sonraigh)	
	Athbhreithniú córasach daonna ar gach mír inneachair a bhfuil foláireamh ag gabháil leis toisc go bhféadfadh sé gur sirtheoireacht atá i gceist leis roimh an tuairisciú	Athbhreithniú daonna
	Athbhreithniú daonna ar mhíreanna inneachair samplacha a bhfuil foláireamh ag gabháil leo toisc go bhféadfadh sé gur sirtheoireacht atá i gceist leo roimh an tuairisciú	

Catagóir de réir Airteagal 3(1)(g)(vii) de Rialachán (AE) 2021/1232	Fochatagóir	Tuairisc
	Beartais oiliúna athbhreithneoirí daonna (sonraigh, e.g. cineál agus fad na hoiliúna roimh thús na hoibre, tréimhsiúlacht agus cineál na hoiliúna uas-scilithe, etc)	
	Bearta chun a áirithiú go ndéanfar measúnuithe tréimhsiúla rialaithe cáilíochta ar athbhreithneoirí daonna agus ar na fíoraisc a chuirtear i bhfeidhm (sonraigh)	
	Bearta chun aiseolas a áirithiú ón Lárionad Náisiúnta um Leanaí ar Iarraidh agus Leanaí ar Thángthas i dTír Orthu agus/nó ó eagraíochtaí eile a ghníomhaíonn ar mhaithe le leas an phobail i gcoinne mí-úsáid ghnéasach leanaí (sonraigh)	Bearta eile
	Bearta chun aiseolas ó lucht forfheidhmithe an dlí a áirithiú (sonraigh)	
	Bearta chun aiseolas a áirithiú ó thoradh ar ghearán i gcomhthéacs an tsásra sásaimh inmheánaigh nó gearán a taisceadh le húdarás breithiúnach (sonraigh)	
	Bearta eile chun an ráta earráide a theorannú (sonraigh)	
	Ráta earráide a baineadh amach tar éis chur chun feidhme na mbeart chun an ráta earráide a theorannú (más infheidhme, i.e. má tugadh isteach bearta nua)	An ráta earráide a baineadh amach
8) **an beartas coinneála agus na coimircí cosanta sonraí a chuirtear i bhfeidhm de bhun Rialachán (AE) 2016/679**		
Beartais choinneála	Beartas coinneála le haghaidh míreanna inneachair a shainaithnítear gur mí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne atá i gceist leo (sonraigh)	Sonraigh i gcás gach catagóire fad na dtréimhsí coinneála ábhartha.
	Beartas coinneála le haghaidh sonraí nach sonraí inneachar iad a bhaineann le tuairiscí ar mhí-úsáid ghnéasach leanaí ar líne, lena n-áirítear tar éis don úsáideoir an cuntas a dhíghníomhachtú (sonraigh)	

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/2916/oj

Catagóir de réir Airteagal 3(1)(g)(vii) de Rialachán (AE) 2021/1232	Fochatagóir	Tuairisc
	Beartas coinneála le haghaidh sonraí a bhaineann le gearáin agus sáruithe beartais	
	Beartais choinneála ábhartha eile (sonraigh)	
Coimircí cosanta sonraí	Teicnicí dí-shainaitheanta agus bréagainmnaithe a úsáid agus sonraí a anaithnidiú	Sonraigh na teicnící agus na cásanna ina n-úsáidtear iad
	Criptiú caighdeánach an tionscail (algartaim agus prótacail) a úsáid le haghaidh sonraí faoi bhealach idir bonneagar faoi úinéireacht phríobháideach agus gréasáin phoiblí	
	Straitéisí rialachais sonraí/cláir chuimsitheacha/cláir chuimsitheacha phríobháideachais a chur chun feidhme (sonraigh)	E.g. srianta ar rochtain inmheánach ar shonraí, úsáid Liostaí Rialaithe Rochtana, oibleagáidí rúndachta ar na daoine sin a bhfuil rochtain acu, etc.
	Nósanna imeachta chun athbhreithniú a dhéanamh ar straitéisí anaithnidithe agus rialachais sonraí (sonraigh)	
	Nósanna imeachta chun pleananna freagartha do theagmhais slándála a choinneáil ar bun chun faireachán, brath agus láimhseáil a dhéanamh ar aon leochaileachtaí slándála agus teagmhais a d'fhéadfadh a bheith ann ar fud an bhonneagair (sonraigh)	
	Bearta teicniúla agus eagraíochtúla eile chun slándáil na sonraí a áirithiú (sonraigh)	

Catagóir de réir Airteagal 3(1)(g)(vii) de Rialachán (AE) 2021/1232	Fochatagóir	Tuairisc
	An sásra sásaimh inmheánach	Sonraigh: i) an gcuireann tú an duine aonair ar an eolas faoi na fíricí is ábhartha do do chinneadh, ii) an bhfuil na nósanna imeachta i bhfeidhm chun measúnú a dhéanamh ar fhiosrúcháin fhéideartha úsáideora maidir le do chinneadh, iii) an bhfuil bealach cumarsáide tiomnaithe ann le húsáideoirí, iv) an gcuirtear úsáideoirí ar an eolas faoi thabhairt i gcrích an mheasúnaithe agus v) an seoltar faisnéis bhreise chuig faighteoirí Airteagal (3)(1)(h)(i) de Rialachán (AE) 2021/1232 ar bhonn an toraidh ar an measúnú ar ghearán an úsáideora
	An cheart chun rochtana ar shonraí úsáideoirí	Sonraigh cé acu a thugtar rochtain d'úsáideoirí ar a sonraí nó nach dtugtar i gcásanna ina gcuirtear a gcuntais ar fionraí go sealadach nó go buan nó i gcásanna ina scriostar a gcuntais go sealadach nó go buan mar thoradh ar ábhar sainaitheanta mí-úsáide gnéasaí leanaí nó sirtheoireacht shainaitheanta, mar aon le conas agus cathain a thugtar an rochtain sin dóibh
	Coimircí eile (sonraigh)	
9) **ainmneacha na n-eagraíochtaí a ghníomhaíonn ar mhaithe le leas an phobail i gcoinne mí-úsáid ghnéasach leanaí ar roinneadh sonraí leo de bhun an Rialacháin seo**	an Lárionad Náisiúnta um Leanaí ar Iarraidh agus Leanaí ar Thángthas i dTír Orthu	
	Lárionad an Aontais chun Mí-úsáid Ghnéasach Leanaí a Chosc agus a Chomhrac	Infheidhme ar bhunú an Lárionad Aontais amháin
	Eile (sonraigh)	

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/2916/oj